

Ard-Stiúrthóireacht - Eurostat

Foilsiú folúntais le haghaidh phost an Stiúrthóra um Staidreamh maicreacnamaíoch (AD14)

(Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne)

COM/2023/10441

Maidir linne

Ard-Stiúrthóireacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh is ea é Eurostat. Is é an misean atá aige staitisticí agus sonraí ardchaighdeán a chur ar fáil i leith na hEorpa a úsáidtear chun go bhféadann institiúidí an Aontais, na Ballstáit, na margaí airgeadais, an pobal gnó, na saoránaigh, taighdeoirí agus na meáin chumarsáide cinntí eolasacha a dhéanamh. Airithíonn Eurostat go ndéantar staidreamh Eorpach a tháirgeadh de réir na rialacha agus na bprionsabal staidrimh atá bunaithe, i gcomhpháirtíocht le húdaráis náisiúnta staidrimh Bhallstáit an Aontais. Is faoisean atá sé reachtaíocht staidrimh uile an Aontais a mholadh. Bíonn Eurostat ag obair i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse an staidrimh agus cuidíonn sé le tíortha lasmuigh den Aontas a gcórais staidrimh a fheabhsú.

Is éard atá i Stiúrthóireacht ESTAT.C ‘Staidreamh Maicreacnamaíoch’ 5 aonad ina bhfuil tuairim agus 100 ball foirne (idir bhuan agus neamhbhuan) agus tá buiséad oibríochta de thart ar 14 mhilliún euro aige. Cuireann sí staidreamh agus sonraí maicreacnamaíocha ardcháilíochta ar fáil sna réimsí seo a leanas: cuntais náisiúnta agus réigiúnacha, praghsanna do thomhaltóirí agus praghsanna tithíochta, comhardú na n-íocaíochtaí, domhandú agus páireachtaí cumhachta ceannaigh chomh maith le staidreamh chun críocha riaracháin institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais.

Is i Lucsamburg atá oifigí Eurostat lonnaithe.

An tairiscint

Seo iad na príomhchúraimí a bhaineann le post dúshlánach ardphróifíle Stiúrthóir an Staidrimh maicreacnamaíoch in Eurostat:

- Ceannaireacht staidrimh agus bainistiú straitéiseach sna réimsí staidrimh fíor-riachtanacha seo a leanas: cuntais náisiúnta agus réigiúnacha, praghsanna do thomhaltóirí agus praghsanna tithíochta, comhardú na n-íocaíochtaí, domhandú agus páireachtaí cumhachta ceannaigh chomh maith le staidreamh chun críocha riaracháin institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais
- Ceannaireacht agus bainistiú agus treoshuíomh straitéiseach ar scaipeadh agus léiriú staitisticí agus sonraí arna dtáirgeadh ag an Stiúrthóireacht;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar Eurostat agus teagmháil agus malartuithe faisnéise tráthrialta a choinneáil ar bun le hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta na mBallstát agus le tíortha a bhfuil caidreamh gairmiúil agus teicniúil ag Eurostat leo; ranna eile de chuid an Choimisiúin, amhail an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (AS ECFIN) agus Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG) agus institiúidí eile de chuid an Aontais, amhail Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Banc Ceannais na hEorpa agus ranna staidrimh de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.
- Bainistiú acmhainní daonna agus airgeadais.

Gníomhóidh an Stiúrthóir mar Oifigeach Údarúcháin trí fho-tharmligean a dhéanamh i gcomhréir le rialacha agus rialacháin airgeadais an Choimisiúin.

An méid atá á lorg againn (critéir roghnúcháin)

Ba cheart na scileanna seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

Buanna pearsanta

- breithiúnas maith, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna atá fogair ó thaobh na polaitíochta de, agus

treallús inléirithe i leith nuálaíocht a dhéanamh agus smaointe nua a cheapadh agus a chur chun feidhme;

- sárscileanna láidre cumarsáide, idirphearsanta, líonraithe agus caibidlíochta;
- sárscileanna anailíse agus an cumas fadhbanna eagrúcháin agus oibríochtúla a réiteach le cur chuige atá dírithe ar thorthaí.

Sainscileanna agus saintaithí

- tuiscint an-mhaith ar fhorbairt, táirgeadh agus úsáid staitisticí Eorpacha agus ar fheidhmiú an Córais Staidrimh Eorpaigh;
- eolas maith ar institiúidí an Aontais agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad chomh maith le tosaíochtaí an Choimisiúin agus na riachtanais sonraí ghaolmhara;
- cúlra ábhartha agus taithí chruthaithe sa staidreamh maicreacnamaíoch.

Scileanna bainistíochta

- éachtaí láidre cruthaithe mar cheannaire agus mar bhainisteoir ar bhain bainistiú acmhainní daonna agus airgeadais araon leo;
- cumas cruthaithe smaoineamh go cruthaitheach agus go straitéiseach, agus foireann mhór ilnáisiúnta a stiúradh agus a spreagadh;
- cumas tosaíochtaí agus cuspóirí a shocrú go héifeachtúil, agus acmhainní a leithdháileadh dá réir.

Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)

Ní dhéanfar iarrthóirí a mheas le haghaidh na céime roghnúcháin ach amháin ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**:

- Náisiúntacht: ní mór do na hiarrthóirí a bheith ina saoránaigh de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.
- Céim nó dioplóma ollscoile: ní mór d'iarrthóirí:
 - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;
 - nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí bliana amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).
- Taithí ghairmiúil: ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil iarchéime 15 bliana ¹ ar a laghad a bheith acu ar leibhéal ar féidir tosú air leis na cáilíochtaí a bhfuil tagairt dóibh thuas.
- Taithí bhainistíochta: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith faighte i bpost bainistíochta ardleibhéil ².
- Teangacha: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh³ agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann

¹ Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más fíorchaidreamh oibre atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar fhíorobair a bhfuairas pá aisti mar fhostaí (aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Déanfar gníomhaíocht ghairmiúil a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh ar bhonn *pro rata*, de réir chéatadán deimhnithe na n-uaireanta lánaimseartha a oibríodh. Saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire le haghaidh uchtú páiste, cuirtear san áireamh í más faoi chuimsiú conartha oibre atá sí. Déantar dochtúireachtaí a chomhshamlú le taithí ghairmiúil, fiú amháin nuair nach dochtúireachtaí ar pá iad, ach déantar sin ar feadh uastréimhse 3 bliana amháin, ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse áirithe a áireamh ach uair amháin.

² Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a léiriú go soiléir ina curriculum vitae: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) líon na sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon a bpiaraí.

³ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701>

eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den tástáil chéanna d'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin.

- Teorainn aoise: ní mór do na hiarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, aois atá sainithe d'oifigigh an Aontais mar dheireadh na míosa ina slánóidh an duine 66 bliana (féach Airteagal 52 (a) de na Rialacháin Foirme ⁴).

Roghnú agus ceapachán

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnú agus an ceapachán (féach: An Doiciméad ar Bheartas Oifigeach Sinsearach ⁵).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais uile, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin a luaitear thuas agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

Tar éis na n-agallamh sin, dréachtóidh an painéal réamhroghnúcháin a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallamh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapachán. Cuirfidh an Coiste Comhairleach um Cheapachán na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallamh dóibh.

Glacfaidh na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallamh leis an gCoiste Comhairleach dóibh páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfadh comhairleoirí earcaíochta seachtacha. Agus torthaí an agallamh agus tuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh an Coiste Comhairleach gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach don fheidhm.

Is iad na Comhaltaí ábhartha den Choimisiún a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta an Choiste Chomhairligh um Cheapachán.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an cinneadh ceapachán.

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag dualgas an phoist ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is cinneadh riaracháin é an t-imréiteach slándála pearsanra a dhéantar tar éis grinnfhiosrúcháin slándála a chur i gcrích, grinnfhiosrúcháin a dhéanann údarás náisiúnta slándála inniúil an iarrthóra i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt do dhuine aonair rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarratas ón bhfostóir amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála, agus ní ar iarratas ón iarrthóir).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, agus ní fhreastalóidh an t-iarrthóir ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanra agus go gcuirfeadh an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise, a bhfuil ceangal dlí leis, ó Stiúirtheacht Slándála an Choimisiúin.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirme, tá cuspóir straitéiseach á shaothrú ag an gCoimisiún Eorpach an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh a shainordaithe

⁴ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701>

⁵ https://commission.europa.eu/jobs-european-commission/job-opportunities/managers-european-commission_ga#documents (ar fáil i mBéarla amháin)

reatha agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Earcófar an t-iarrthóir a roghnófar mar oifigeach ar ghrád AD14. Rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí ghairmiúil roimhe sin.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar a thabhairt dá aire go gceanglaítear de réir na Rialachán Foirne nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil uirthi.

Is i Lucsamburg atá an t-ionad oibre.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Beidh sé de cheangal ar na hiarrthóirí dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, go díreach nó go hindíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Is chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha nach mór aon cheist a sheoladh.

Cosaint sonraí pearsanta

Áiríteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁶. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Nós imeachta iarratais

Sula gcuirfean an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ('Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí'), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha diplóma, an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Más rud é nach gcomhlíonann iarrthóir aon cheann de na riachtanais incháilitheachta, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú ar an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir le céimeanna éagsúla an phróisis a leanúint:

<https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/>

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfead úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, agus úsáid a bhaint as an bhformáid CV Europass⁷ más féidir é, agus litir inspreatha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreatha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁷ Tá eolas faoi conas CV Europass a chruthú le fáil ar líne ag: <https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv>

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas.
Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar trí ríomhphost. Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig:
HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Is fútsa atá sé an clárú ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an sprioc-am chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárú déanach.

Dáta deiridh

Is é **08/01/2024, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.